Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0367(NLE)**

**13913/1/20**
**REV 1**

**UK 113**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 832 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as Fuinneamh Adamhach i dtaca le cinneadh a ghlacadh chun an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú sin a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 832 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2020) 832 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.1.2021
COM(2020) 832 final/2

2020/0367 (NLE)

COM(2020) 832 final of 10.12.2020 downgraded on 27.1.2021.

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as Fuinneamh Adamhach i dtaca le cinneadh a ghlacadh chun an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú sin a leasú**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Molann an Coimisiún go mbunóidh an Chomhairle an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") maidir le cinneadh ó Chomhchoiste an Comhaontú sin a leasú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

Leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar na socruithe maidir le tarraingt siar rianúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus as Euratom. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

### 2.2. An Comhchoiste

Tá an Comhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar comhdhéanta d'ionadaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Beidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh air. In Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, leagtar síos rialacha nós imeachta an Chomhchoiste. Tagann an Comhchoiste le chéile ar a laghad uair sa bhliain nó arna iarraidh sin don Aontas nó don Ríocht Aontaithe agus is de chomhthoiliú a shocróidh an Comhchoiste sceideal na gcruinnithe agus clár na gcruinnithe.

Leagtar síos cúraimí an Chomhchoiste in Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus is iad seo a leanas go príomha:

- maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go díreach nó trí obair na gcoistí speisialaithe a thuairiscíonn dó;
- cinntí agus moltaí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe ar an gComhaontú sna cásanna dá bhforáiltear ann;
- fadhbanna a chosc agus díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a réiteach.

### 2.3. An cinneadh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Is féidir leis an gComhchoiste cinneadh a ghlacadh lena leasaítear an Comhaontú um Tharraingt Siar, de bhun Airteagal 164(5)(d) den Chomhaontú, chun earráidí a cheartú, chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhartha nó easnaimh eile, nó chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach raibh coinne leo nuair a síníodh an Comhaontú um Tharraingt Siar, ar an gcoinníoll nach leasaítear leis na modhnuithe eilimintí bunriachtanacha an Chomhaontaithe.

Is é is aidhm don chinneadh atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar earráidí nach ndéanann leasú ar eilimintí bunriachtanacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Beidh an cinneadh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar. I gcomhréir le Riail 9 de na Rialacha Nós Imeachta, sonrófar i gcinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste an dáta a dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

**Ceartú Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann**

Cuireadh an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar imthosca uathúla oileán na hÉireann faoi chuimsiú tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. Áirítear ann forálacha chun teorainn chrua idir Éire agus Tuaisceart Éireann a sheachaint agus déantar foráil maidir le hailíniú Thuaisceart Éireann le sraith theoranta rialacha a bhaineann le Margadh Aonair an Aontais d'earraí. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal tá liosta d'fhorálacha dhlí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 5(4) den Phrótacal, a bhfuil feidhm acu sa chás sin maidir le Tuaisceart Éireann. Liostaíodh dhá ghníomh san Iarscríbhinn seo freisin, de dhearmad, lena gcuirtear d'oibleagáid ar mhonaróirí feithiclí nua saothair éadroim meánastaíochtaí sonracha CO2 feithiclí nua arna gclárú san Aontas a laghdú de réir a chéile, cé nach mbaineann siad le hearraí a chur ar an margadh san Aontas.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Is éard atá sa chinneadh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar dhlí na bPáirtithe i gcomhréir le hAirteagal 166(2) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

Ar thaobh amháin, baineann cuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhartha nó easnaimh, gan na heilimintí bunriachtanacha atá ann a leasú, agus, ar an taobh eile, an Comhaontú a leasú i gcás dá bhforáiltear go sonrach leis an gcomhaontú sin.

Is ar Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bunaíodh tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, agus i gcomhréir leis an mbunphrionsabal nach féidir gníomh a leasú ach le gníomh den chineál céanna, is é Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

Leis an gcinneadh maidir le 'Ceartúcháin' cuirtear Prótacal NI chun feidhme, a tugadh i gcrích ar bhonn Airteagal 50. Ós rud é gur comhaontú trádála idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann é Prótacal Thuaisceart Éireann, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí freisin.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 50 CAE agus Airteagal 207 CFAE na bunúis shubstaintiúla dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 50 CAE agus Airteagal 207 CFAE a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfar, le cinneadh an chomhchoiste, an Comhaontú um Tharraingt Siar a leasú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0367 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as Fuinneamh Adamhach i dtaca le cinneadh a ghlacadh chun an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú sin a leasú**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/135[1] ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) Le hAirteagal 164(5)(d) den Chomhaontú um Tharraingt Siar cumhachtaítear don Chomhchoiste cinntí a ghlacadh lena leasaítear an Comhaontú sin, ar choinníoll gur gá na leasuithe sin chun earráidí a cheartú, chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhartha nó easnaimh eile, nó chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach raibh coinne leo nuair a síníodh an Comhaontú, agus ar choinníoll nach ndéantar eilimintí bunriachtanacha an Chomhaontaithe sin a leasú leis na cinntí sin. De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Na cinntí sin a mbeidh na héifeachtaí dlíthiúla céanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar, ní mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe iad a chur chun feidhme. I gcomhréir le hAirteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

(3) Rinneadh, de dhearmad, dhá ghníomh dlí maidir le feidhmíocht astaíochtaí CO2 gluaisteán agus veaineanna nua a chláraítear san Aontas a liostú in Iarscríbhinn 2, pointe 9, a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Murab ionann agus reachtaíocht eile a liostaítear in Iarscríbhinn 2 agus a rinneadh infheidhme le hAirteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, ní bhaineann an dá Rialachán seo le hearraí a chur ar an margadh san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a bhaint ón Iarscríbhinn sin.

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch.1.

(4) Baineann gníomh dlí amháin maidir le plaistigh aon úsáide le hearraí den sórt sin a chur ar an margadh agus le saorghluaiseacht earraí, ach i bpáirt. Níor cheart a áireamh in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal ach na forálacha sin atá fíor-riachtanach chun rialacha an mhargaidh inmheánaigh i ndáil le Tuaisceart Éireann a chur i bhfeidhm.

(5) Ba cheart don Chomhchoiste cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 164(5)(d) den Chomhaontú um Tharraingt Siar chun aghaidh a thabhairt ar na hearráidí sin.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um Tharraingt Siar maidir le cinneadh ó Chomhchoiste atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 164(5)(d) de, is éard a bheidh ann an Comhaontú um Tharraingt Siar a leasú mar a leanas:

In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, déanfar an dá hiontráil seo a leanas faoi "9. Mótarfheithiclí, lena n-áirítear tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta" i ndiaidh na hiontrála "Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís 112 a chur in úsáid agus lena leasaítear Treoir 2007/46" a scriosadh :

– "Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua phaisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí CO2 ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú"[2]; agus
– "Rialachán (CE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2011 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta d'astaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí CO2 ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú"[3].

In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal, cuirtear an nóta seo a leanas isteach faoi "25. Dramhaíl", i ndiaidh na hiontrála "Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol a laghdú":

> "Maidir le cur i bhfeidhm na nAirteagal agus na gCodanna sin agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, léifear aon tagairt do '3 Iúil 2021' in Airteagal 4(1), in Airteagal 14 agus in Airteagal 17(1) mar '1 Eanáir 2022'. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 2, 3, 14 agus 17, ná ag Cuid F den Iarscríbhinn, ach a mhéid a bhaineann siad le hAirteagal 4 go hAirteagal 7."

In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, ba cheart na forálacha seo a leanas a chur isteach faoi "25. Dramhaíl":

---

[2] IO L 140, 5.6.2009, lch. 1.
[3] IO L 145, 31.5.2011, lch. 1.

– Airteagail 2 go 7, 14 agus 17 chomh maith le Codanna A, B, C, D agus F den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol a laghdú[4].

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[4] IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.